Gradam don Chathair is Inrochtana 2025

#EUAccessCity

Nóta Treorach d'iarratasóirí

—

Léigh na treoirlínte go cúramach sula gcláraíonn tú. Gheobhaidh tú an fhaisnéis riachtanach ar fad anseo a chabhróidh leat na rannóga san fhoirm iarratais a chomhlánú i gceart agus cur síos a dhéanamh ar do ghníomhaíochtaí.

—

FAISNÉIS BHUNÚSACH

Teanga: Moltar d'iarratasóirí a dtogra tionscadail a chur isteach i mBéarla, chun cabhrú le déileáil leis na tograí agus dlús a chur faoin bpróiseas meastóireachta. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go nglacfar le tograí a chuirfear isteach in aon cheann de **theangacha oifigiúla an AE**[1].

Modh déanta iarratas: tríd an uirlis ar líne[2]

Spriocdháta: 10 Meán Fómhair 2024, 23:59 ASLE

CONAS AN FHOIRM IARRATAIS A CHOMHLÁNÚ

Ba cheart don iarratas a bheith chomh soiléir agus chomh cruinn agus is féidir ionas go mbeidh an giúiré náisiúnta agus an giúiré Eorpach in ann na hiarrachtaí atá déanta agat i do réimse inrochtaineachta a thuiscint. Dírigh **ar fhíricí agus ar uimhreacha**. Nuair is féidir, tabhair **samplaí** lena n-áirítear **sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla**. Cinntigh go bhfuil do **chur**

[1] Tá 24 teanga oifigiúil ag an Aontas Eorpach: Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Spáinnis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Sualainnis agus Ungáiris.
[2] Beidh an uirlis ar líne inrochtana ó shuíomh gréasáin an Ghradaim don Chathair is Inrochtana : ec.europa.eu/social/accesscityaward2025

chuige agus straitéiscurtha in iúl go soiléir agat maidir leis an inrochtaineacht agus go bhfuil béim leagtha agat ar na **gníomhaíochtaí nuálacha agus iontacha** ar fad a chinntigh go raibh rath ar do chuid oibre sa réimse seo. Tabhair sonraí maidir le tráthchlár na ngníomhaíochtaí: cathain a seoladh iad agus céard iad na forbairtí a dhéanfar amach anseo.

Áirítear spásanna san uaslíon carachtar atá ar fáil le haghaidh gach freagra.

A / AITHEANTAS CATHRACH

Tuairisc ghairid ar an gcathair

Tabhair roinnt faisnéis bhunúsach faoi do chathair, a moirfeolaíocht agus stair chomh fada is a bhaineann leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na gnéithe sin ar an inrochtaineacht (mar shampla, an bhfuil an chathair tógtha ar thalamh cnocach, nó an bhfuil croílár meánaoiseach inti le sráideanna cúnga agus constaicí a chruthaíonn deacrachtaí d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí nó do dhaoine lagamhairc).

B/ RAON FEIDHME NA dTIONSCNAMH

Maidir le gach tionscnamh / gníomhaíocht / clár, sonraigh na haidhmeanna, na cuspóirí, na tairbhithe, an dáta tosaigh agus an dáta críochnaithe. Léirigh cur chuige domhanda agus fís uaillmhianach maidir le feabhas a chur ar hinrochtaineacht i do chathair amach anseo. Áit ar féidir, cainníochtaigh an leibhéal nó céatadán inrochtaineachta sna réimsí thíos. Mar shampla: céatadán na stáisiún iarnróid, na dtimpeallachtaí oibre, líon na bhfeithiclí, na suíomhanna gréasáin, na bhfoirgneamh, an riaracháin phoiblí, etc. atá inrochtana.

Tuairisc ar thionscnaimh sna ceithre réimse inrochtaineachta:

a) Inrochtaineacht ar an timpeallacht thógtha agus ar spásanna poiblí

Déan cur síos ar bhearta a bhaineann le dearadh chroílár na cathrach, sráideanna agus cosáin, páirceanna, cearnóga, séadchomharthaí agus spásanna oscailte, timpeallachtaí oibre, margaí, féilte agus imeachtaí allamuigh eile.

b) Inrochtaineacht ar iompar agus ar bhonneagar gaolmhar

Déan cur síos ar bhearta a bhaineann le carrchlóis, aerfoirt, stáisiúin iarnróid agus busárais, tacsaithe, traenacha, busanna agus tramanna, neasacht, idirnascacht iompair phoiblí agus infhaighteacht faisnéise maidir le haistir.

c) Inrochtaineacht ar fhaisnéis agus ar chumarsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide

Déan cur síos ar na bearta a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis oifigiúil na n-údarás cathrach. Mar shampla: inrochtaineacht ar fhaisnéis phoiblíochta ilmheáin an bhardais, comhairle agus nósanna imeachta aiseolais do shaoránaigh maidir le hinrochtaineacht an tsuímh gréasáin, faisnéis ar líne faoi na healaíona, cultúr, siamsaíocht, áiseanna spóirt, comharthaíocht agus treoir in áiteanna poiblí, taobh istigh nó amuigh faoin aer, faisnéis do thurasóirí/do chuairteoirí, inrochtaineacht bothanna faisnéise poiblí, teicneolaíocht agus acmhainní TFC ionchuimsitheacha a chur ar fáil don phobal ar fad i leabharlanna poiblí agus in ionaid ar líne.

d) Inrochtaineacht ar shaoráidí agus ar sheirbhísí poiblí

Déan cur síos ar na seirbhísí poiblí a chuirtear ar fáil i do chathair (seirbhísí sóisialta, cúram sláinte, óige, oideachas, gníomhaíochtaí agus áiseanna fóillíochta agus spóirt, cultúr, seirbhísí fostaíochta, oiliúint, tithíocht etc.) agus léirigh cé chomh hinrochtana is atá siad. Léirigh conas a chuirtear inrochtaineacht san áireamh agus conas a chomhtháthaítear inrochtaineacht sna seirbhísí sin. Seachas na seirbhísí sonracha do dhaoine faoi mhíchumas, cuir faisnéis ar fáil freisin maidir le conas a chinntítear go bhfuil na seirbhísí ginearálta seo inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Is féidir leat samplaí a thabhairt d'fhormáidí malartacha do ríomhsheirbhísí rialtais, mar aon le samplaí de sheirbhísí a chuirtear ar fáil ar bhealach ilmhódach agus trí chainéil dhifriúla.

C/ ÚINÉIREACHT / LEIBHÉAL GEALLTANAIS

a) Déan cur síos ar an gcur chuige maidir le hinrochtaineacht i do chathair trí chéile agus conas a chuirtear an beartas chun feidhme sa réimse seo.

Léirigh an beartas domhanda maidir le hinrochtaineacht a dhéantar i do chathair. Mar shampla: cuimsiú inrochtaineachta i straitéis chomhleanúnach nó i gcreat beartais; ráitis bheartais agus gealltanais ardleibhéil d'inrochtaineacht; príomhshruthú i mbeartais agus i rialacháin na cathrach; struchtúir nó creat chun gníomhaíochtaí inrochtaineachta a chur chun feidhme/a chomhordú/a mhonatóiriú, roinn/ranna freagracha, príomhghníomhaithe lena mbaineann, tionscnaimh de chuid na hearnála príobháidí (más ann dóibh), acmhainní agus foireann leithdháilte; córas monatóireachta agus meastóireachta, faisnéis i dtaobh an bhfuil anailís costais is tairbhe déanta ag cathair ar inrochtaineacht a chur chun feidhme.

D/ TIONCHAR

Tabhair sonraí cainníochtúla agus/nó cáilíochtúla chun tacú le tionchar agus éifeachtacht do thionscnaimh + tagarmhairc. Tá cead agat naisc, doiciméid nó ábhar closamhairc (scannáin nó pictiúir) a léiríonn na torthaí agus athruithe a uaslódáil. Ní mór go ndéanfaí tagairt sa mheasúnú tionchair ar thionscnaimh dá dtagraítear sa Rannóg "Raon feidhme na ngníomhaíochtaí".

a) Conas a chuir nó a chuireann beartas na cathrach feabhas ar rochtain chomhionann agus caighdeán saoil daoine faoi mhíchumas?

Tabhair samplaí mar aon le sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla. Tá sé tábhachtach tionscada(i)l – más ann dá leithéid – a bhfuil daoine faoi mhíchumas intleachta páirteach ann/iontu a lua.

b) Lasmuigh de dhaoine faoi mhíchumas, conas a théann na tionscnaimh sin chun tairbhe réimsí níos mó den daonra?

Tabhair samplaí praiticiúla.

E/ CAIGHDEÁN AGUS INBHUANAITHEACHT TORTHAÍ

a) Conas a chinntíonn tú caighdeán agus inbhuanaitheacht beart inrochtaineachta?

Sainmhínítear caighdeán na dtorthaí i dtéarmaí na bhfeabhsúchán a rinneadh ar an leibhéal inrochtaineachta agus a chomhlíonadh le caighdeáin agus reachtaíocht. Is féidir leat freisin a léiriú cibé an bhfuil nó nach bhfuil do chuid tionscnamh bainteach le haon ghníomhaíochtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha.

D'fhonn torthaí inbhuanaithe a chur ar fáil chun inrochtaineacht iomlán a chinntiú, is gá iarrachtaí leanúnacha, struchtúr agus meicníochtaí monatóireachta fónta a bhunú (seiceáil rialta, fadhbanna a thuairisciú agus a réiteach, déileáil le hoiliúint gearán maidir le hinrochtaineacht d'fhoireann na cathrach etc.). Cuir na meicníochtaí meastóireachta agus monatóireachta atá bunaithe i do chathair i láthair mar aon leis na hacmhainní leithdháilte.

b) Céard iad na pleananna agus na tionscnaimh atá agat chun leanúint leis na hiarrachtaí sin amach anseo?

Léirigh an tráthchlár agus tabhair cur síos air, más féidir.

F/ RANNPHÁIRTÍOCHT DAOINE FAOI MHÍCHUMAS AGUS COMHPHÁIRTITHE ÁBHARTHA

a) Déan cur síos ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, mar aon le saineolaithe inrochtaineachta i bpleanáil, cur chun feidhme agus cothabháil bheartais agus thionscnaimh na cathrach a dhírítear ar inrochtaineacht a mhéadú.

Déan cur síos ar na gníomhaíochtaí sin trí shamplaí a thabhairt. Áit ar féidir, luaigh tuairimí daoine faoi mhíchumas maidir le hinrochtaineacht na cathrach.

b) An ndéanann tú gníomhaíochtaí múscailte feasachta nó faisnéise maidir le hinrochtaineacht? An malartaíonn nó an gcomhroinneann tú taithí agus dea-chleachtais le cathracha eile ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó Eorpach?

Tabhair samplaí; is féidir leat tagairt freisin do do bhallraíocht i gcineálacha eagraíochtaí éagsúla a bhaineann le hinrochtaineacht, etc.

c) Ar phléigh tú le míchumas i dtionscnaimh eile a rinneadh i do chathair? Más amhlaidh gur phléigh, is féidir leat tagairt d'aon tionscnamh a raibh do chathair ag obair air, fiú mura raibh sé dírithe go díreach ar dhaoine faoi mhíchumas, má rinneadh bearta chun inrochtaineacht a fheabhsú nó feasacht faoi mhíchumas agus inrochtaineacht a mhúscailt.

Déan cur síos ar na tionscnaimh sin, le do thoil, trí shamplaí a thabhairt agus sonraí a thabhairt maidir leis na bearta a bhaineann le hinrochtaineacht.

G/ CÉN FÁTH A BHFUIL AN GRADAM TUILLTE AG DO CHATHAIR?

Déan cur síos gairid ar an mbeartas agus ar na gníomhaíochtaí inrochtaineachta trí chéile. Mínigh an chúis a bhfuil do thorthaí agus beartas inrochtaineachta do chathrach iontach maith agus an chúis a gcreideann tú go bhfuil an Gradam tuillte ag an gcathair.

Sonraigh rud éigin ar cúis bhróid ar leith do do chathair é. Is féidir leat tagairt don rud atá éagsúil faoi do bheartas inrochtaineachta féin agus céard iad na bearta ar fiú iad a chur chun cinn mar shamplaí maithe do chathracha eile.

H/ CÉ ACU DE NA TIONSCNAIMH ATÁ AGAT CHUN FEABHAS A CHUR AR AN INROCHTAINEACHT ATÁ DÍRITHE AR BHONNEAGAR SPÓIRT INROCHTANA A FHORBAIRT?

Luaitear i Straitéis an Choimisiúin maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, go bhfuil gníomhaíochtaí cultúir, spóirt, fóillíochta agus áineasa atá inrochtana agus cuimsitheach bunriachtanach chun go mbeidh siad rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí. Cuireann siad leis an bhfolláine agus tugann siad deis do gach duine, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, a n-acmhainneacht a fhorbairt agus a úsáid.

Leag an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé sna conclúidí uaithi maidir le rochtain ar an spórt do dhaoine faoi mhíchumas (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52019XG0607(03)).

Ina theannta sin, beidh na chéad Cluichí Oilimpeacha agus Cluichí Para-Oilimpeacha eile san Eoraip, na himeachtaí idirnáisiúnta spóirt is tábhachtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas. Beidh siad ar siúl i bPáras ón 26 Iúil go dtí an 11 Lúnasa 2024, agus ón 28 Lúnasa agus ón 8 Meán Fómhair 2024, faoi seach.. Sa chomhthéacs sin, tá an Gradam don Chathair is Inrochtana ag lorg tionscadal agus tionscnamh den scoth a léiríonn, ar bhealach eiseamláireach, forbairt infreastruchtúir spóirt inrochtana, agus rannpháirtíocht agus fís na bpobal áitiúil agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha á gcur i gcroílár an phróisis.

D'fhéadfadh claochlú fisiciúil áiteanna a bheith i gceist le samplaí chun feabhas a chur ar inrochtaineacht. Iarrtar ar iarratasóirí a léiriú, mar shampla, conas a d'fhéadfadh timpeallacht thógtha nua, athchóirithe nó athghinte agus spásanna poiblí cur le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i gcúrsaí spóirt.

Is féidir le samplaí a thaispeáint freisin conas is féidir le himeachtaí spóirt, gníomhaíochtaí, próisis, eolas agus táirgí a bheith níos inrochtana. Is féidir le tionscnaimh den sórt sin athrú peirspictíochta i leith daoine faoi mhíchumas ag glacadh páirt i spórt.

Tá sé i gceist tionscnaimh a shainaithint lena dtugtar aghaidh ar inrochtaineacht i gcúrsaí spóirt ar bhealach den scoth.

I/ CÁ hÁIT AR CHUALA TÚ FAOI CHOMÓRTAS AN GHRADAIM DON CHATHAIR IS INROCHTANA 2025

Inis dúinn cá háit ar chuala tú faoin gcomórtas le do thoil. Is féidir freagraí iomadúla a thabhairt.

J/ ÁBHAR TACAÍOCHTA

Anuas ar **na ceithre dhoiciméad éigeantacha nach mór iad a uaslódáil ar an tairseach (Dearbhú an Mhéara, an Dearbhú ar Bhriathar, an Fhoirm Eintitis Dhlítheanaigh, agus an Fhoirm Aitheantais Airgeadais)**, tugtar cuireadh duit cur i láthair deich sleamhnán Powerpoint a uaslódáil – nó nasc chuige a sheoladh – chun léargas a thabhairt ar an iarratas agus aird a tharraingt ar na pointí láidre ann (mar shampla le híomhánna).

Is féidir leat suas le cúig chomhad [3] (is é 10 MB an t-uasmhéid do chomhad amháin) nó nasc a uaslódáil. Is féidir comhaid a uaslódáil i do theanga náisiúnta féin.

Ní mór na comhaid ar fad a uaslódáiltear mar ábhar tacaíochta a ainmniú de réir mar is cuí. Ba cheart ainm an chomhaid a bheith i mBéarla agus ba cheart go gcuirfí in iúl ann cad atá sa chomhad nó cad a léiríonn sé.

B'fhéidir go soláthrófar roinnt faisnéis achoimre bhreise a thabhairt maidir le hábhar na ndoiciméad tacaíochta sa réimse den fhoirm iarratais faoin rannóg seo.

K/ TEAGMHÁLAÍ, NAISC GHRÉASÁIN AGUS SEOLADH POIST

Tabhair na sonraí teagmhála riachtanach ar fad don duine i do rannóg riaracháin atá freagrach as an iarratas seo.

Cuir naisc chuig suíomh gréasáin an údaráis ar fáil agus, más féidir, do leathanaigh maidir le míchumas agus inrochtaineacht.

[3] Glactar leis na formáidí comhaid seo a leanas: doc, docx, rtf, pps, ppsx, ppt, pptx, xls, xlsx, pdf, zip, gif, jpeg, jpg, png.